# Treoirlínte chun tacú le Punann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta (LDSA)

Feabhra 2026

# An Clár Ábhar

**Cúlra** ........ 1

**Forbhreathnú ar Threoirlínte LDSA** ........ 2

**Réasúnaíocht don Phunann LDSA** ........ 3
Céard í an phunann LDSA? ........ 3
Cén cuspóir atá leis an bpunann LDSA? ........ 3
Conas a thacaíonn an phunann LDSA le scoláirí sna Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna)? ........ 4

**Ábhair na Punainne LDSA** ........ 5
Cén chuma a bheidh ar an bpunann LDSA? ........ 5

**Leideanna do scoláirí atá ag cur tús leis an bpunann** ........ 7

**Treoir do Mhúinteoirí** ........ 8
Cén chaoi a dtacaíonn an phunann LDSA le foghlaim agus teagasc? ........ 8
Cén chaoi ar féidir leis an bPunann LDSA tacú le forbairt Príomhinniúlachtaí na scoláirí sa seomra ranga? ........ 10

**Leagan Spriocanna agus Pleanáil** ........ 11
Cén chaoi ar féidir le scoláirí tabhairt faoi leagan spriocanna agus pleanáil? ........ 11
Ceisteanna maidir le leagan spriocanna i gcaitheamh an phróisis chruthaithigh ........ 12
Leideanna samplacha chun tacú le machnamh na scoláirí agus pleanáil spriocanna ........ 13

AGUISÍN A –SAOTHAIR NA GCLEACHTÓIR ........ 14

AGUISÍN B: TEIMPLÉID CHUN TACÚ LE FORBAIRT NA PUNAINNE ........ 27

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Róil agus freagrachtaí** ........ 28

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Comhoibriú agus Róil** ........ 29

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Comhoibriú agus obair le scoláirí eile** ........ 30

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Spriocanna agus Amlínte** ........ 31

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Mo Scileanna Deartha a Fhorbairt** ........ 32

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Mo Scileanna Teicniúla a Fhorbairt** ........ 33

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Scileanna Taibhithe a Fhorbairt** ........ 34

**Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe: Forbairt Scileanna Teicniúla** ........ 35

**Samhlú agus ag Coincheapú: Pleanáil** ....36

**Samhlú agus ag Coincheapú: Pleanáil** ....37

**Samhlú agus ag Coincheapú: Tionchair Chruthaitheacha** ....38

**Samhlú agus ag Coincheapú: Rianaire an Phróisis Chruthaithigh** ....40

**Samhlú agus ag Coincheapú: Bileog Phleanála – Struchtúr a chur ar d'obair bheartaithe Lch 1** ....41

**Forbairt: Carachtair a Chruthú agus a Fhorbairt** ....42

**Forbairt: Bileog Phleanála – Roghanna Dearaidh** ....43

**Forbairt: Mo shaothar a phleanáil** ....44

**Forbairt: Cleachtais Eiticiúla** ....45

**Forbairt: Nótaí Réamhléirithe** ....48

**Forbairt: Teimpléad Scéalchláraithe** ....49

**Forbairt: Plean Blocála (Amharclannaíocht)** ....50

**Forbairt: Léarscáil Bhlocála 1 (Amharclannaíocht)** ....51

**Forbairt: Léarscáil Bhlocála 2 (Amharclannaíocht)** ....52

**Forbairt: Ceisteanna faoin lucht féachana** ....53

**Forbairt: Sampla de Liosta Seatanna Réamhléiriúcháin** ....54

**Forbairt: Réamhléiriú – Pleanálaí an Liosta Seatanna** ....55

**Forbairt: Bileog Oibre Dearaidh** ....56

**Forbairt: An ghníomhaíocht Ról ar an mBalla** ....60

**Beachtú: An próiseas a thosú** ....61

**Beachtú: Rianaire an Phróisis maidir le Nótaí Réamhchleachtaidh** ....62

**Beachtú: Aiseolas ón réamhchleachtadh (teicniúil, feisteas, ceamara)** ....63

**Léiriú agus Taibhiú: An úsáid a bhain mé as scileanna bunúsacha an taibhithe** ....64

**Léiriú agus Taibhiú: Greille Féinmheastóireachta** ....65

**Breithmheas agus Freagairt: Freagairt ar thaispeántas beo scannánaíochta/amharclannaíochta** ....66

**Meastóireacht: Cinntí Cruthaitheacha a Mhíniú Lch 1** ....67

**Meastóireacht: Cinntí Cruthaitheacha a Mhíniú Lch 2** ....68

Meastóireacht: Machnamh a dhéanamh ar mo chuid oibre tionscadail (TCFanna san áireamh) ............69

Meastóireacht: Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbím ag foghlaim ............70

Meastóireacht: Rannpháirteachas an Lucht Féachana ............71

Meastóireacht: Pleanálaí an Dearaidh Theicniúil ............72

AGUISÍN C: TEIMPLÉID CHUN TACÚ LE MACHNAMH A DHÉANAMH ............ 73

Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta Smaointe Tosaigh ............74

Cosúlachtaí agus Difríochtaí idir Scannáin agus Drámaíocht/Amharclannaíocht ............75

Bileog KWL do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta ............76

Machnamh ginearálta ar Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta ....77

Cumarsáid éifeachtach i Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta .....78

Teimpléad don Mhachnamh Ginearálta ............79

Plean Gníomhaíochta chun cuspóirí a shocrú sa Phróiseas Cruthaitheach ............80

Dul chun cinn ar feadh na bPróiseas Freagartha Cruthaitheach agus Criticiúil ............81

Dul chun cinn a thomhas ............82

Teimpléad Socraithe Cuspóirí ............83

AGUISÍN D: SAMHLACHA MACHNAIMH ............ 84

TACAÍOCHTAÍ BREISE ............ 85

BUÍOCHAS ............ 85

## Cúlra

*"Tacóidh punann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta le próisis chriticiúla agus chruthaitheacha, ag cur le forbairt, foghlaim, agus éachtaí an scoláire."*
Sonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta, lch 32

Cuireadh tús le Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta (LDSA) mar ábhar Ardteistiméireachta i gcuraclam na hÉireann in 2025 mar chuid den athfhorbairt níos leithne ar an tsraith shinsearach. Forbraíodh an t-ábhar mar fhreagairt ar aiseolas a fuarthas i rith phróiseas an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach a thug le fios go raibh dúil in ábhair phraiticiúla, bunaithe ar na healaíona, i gcuraclam na sraithe sinsearaí, a dhéanfadh oideachas leathan a spreagadh agus a chur chun cinn.

Mínítear i réasúnaíocht LDSA go gcuirtear "*deiseanna ar fáil d'eispéiris phearsanta, aeistéitice, chomhoibríocha agus fheabhsaithe ó thaobh an chultúir de*". Luaitear sa réasúnaíocht chomh maith, *"de réir mar a chuireann an scoláire an t-eolas, na scileanna, luachanna agus meonta i bhfeidhm a bhfuil gá leo chun coincheapa a thabhairt chun críche – ina aonar agus i ngrúpaí - rachaidh sé i ngleic le, tabharfaidh sé freagra ar, déanfaidh sé anailís agus measúnú ar a shaothar féin agus ar shaothar daoine eile."* (sonraíocht LDSA, lch 4)

Leagann na torthaí foghlama i sonraíocht LDSA amach céard ba cheart a bheith ar eolas ag na scoláirí nó céard ba cheart a bheadh siad in ann a dhéanamh, tar éis dhá bhliain dóibh a bheith ag plé leis an ábhar. Leagann an tsonraíocht amach chomh maith gur cheart dóibh, agus iad ag plé le torthaí foghlama, punann a fhorbairt agus a choimeád. Cuireann na treoirlínte seo treoir agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí agus do scoláirí i bhforbairt na punainne LDSA). Príomhbhéim de chuid na sonraíochta seo is ea go dtugann na scoláirí faoi phróisis chruthaitheacha agus chriticiúla. Mar a léirítear sa ghraf thíos, tacóidh an phunann LDSA le próisis chriticiúla agus chruthaitheacha, ag cur le forbairt, foghlaim, agus éachtaí na scoláirí.




**Fíor 1. An Próiseas na Cruthaitheach i Snáithe 1 (Sonraíocht LDSA, lch 14)**

ú




**Fíor 2. An Próiseas na Freagartha Criticiúla i Snáithe 2. Sonraíocht LDSA, lch 20**

## Forbhreathnú ar Threoirlínte LDSA

*"Tá sé mar aidhm ag an ábhar seo... an scoláire a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhforbairt phearsanta agus ar an bhféinmhachnamh trí na healaíona"* (sonraíocht LDSA, lch 5)

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht le haghaidh Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta (LDSA) de chuid na hArdteistiméireachta. Tá sé mar sprioc acu:

- cuspóir na punainne LDSA a mhíniú
- ábhair na punainne LDSA a shoiléiriú
- breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a dtacaíonn an phunann le foghlaim, teagasc agus measúnú
- iontrálacha punainne samplacha a chur ar fáil do na scoláirí
- sraith teimpléad a chur ar fáil chun tacú le forbairt na punainne
- teimpléid mhachnaimh a sholáthar chun tacú leis na scoláirí spriocanna a leagan síos agus machnamh a dhéanamh a ar gcuid oibre.

## Réasúnaíocht don Phunann LDSA

### Céard í an phunann LDSA?

Luaitear i sonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta, *"Thar dhá bhliain an chúrsa beifear ag súil le go mbeidh an scoláire ag glacadh páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí chun tacú le próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla. Cuimseofar go leor de na gníomhaíochtaí seo i bPunann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, a fhorbróidh gach scoláire.*"
*(Sonraíocht LDSA, lch 33)*

Tugtar breac-chuntas sa tsonraíocht ar an gcaoi a mbeidh scoláirí ag obair ina n-aonar agus le daoine eile, agus mar sin, *"éireoidh [an scoláire] níos neamhspleáiche agus beidh sé ábalta a chuid foghlama féin a bhainistiú agus inniúlachtaí a fhorbairt a thacaíonn lena fhoghlaim agus lena chonair saoil amach anseo." (Sonraíocht LDSA, lch 11).* Mínítear inti chomh maith an chaoi a spreagtar na scoláirí le measúnú a dhéanamh ar mhéid a rannpháirtíochta leis na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla, chun úsáid éifeachtach a bhaint as a bpunann mar uirlis mhachnamhach.

Is spás í an phunann teanga dá bhrí sin ina mbíonn béim ar aistear na foghlama agus inar féidir leis an scoláire próiseas agus dul chun cinn a n-eispéiris foghlama a thaifeadadh. Forbrófar iad in imeacht dhá bhliain (an cúigiú agus an séú bliain), agus d'fhéadfaí taifid a bheith i bhfoirm scríofa, físe, fuaime nó físeáin. Go ginearálta, is féidir leis na scoláirí leas a bhaint as an bpunann chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a spriocanna foghlama a léiriú
- cur síos a thabhairt ar ghníomhaíochtaí foghlama ar phléigh siad leo
- taifead a dhéanamh ar bhreathnuithe faoina n-eispéiris foghlama (trí scríbhneoireacht/fuaim/sceitsí)
- machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn san ábhar
- na céimeanna a shainaithnítear ag aon am amháin a leagan amach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh
- téacsanna éagsúla agus fianaise ar a gcuid oibre a bhailiú (spreagthaigh, íomhánna físiúla, inspioráidí, píosaí cumhachtacha, cláir tobsmaointe, srl.)
- comhoibriú le daoine eile
- measúnú a dhéanamh ar a gcuid saothair féin
- a ngnóthachtálacha féin a dhoiciméadú agus a cheiliúradh
- nascadh lena dtuismitheoirí agus múinteoirí.

### Cén cuspóir atá leis an bpunann LDSA?

Ba cheart go mbeadh na scoláirí airdeallach ar a bhfoghlaim i bpróisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla agus iad ag forbairt a bpunainne. Ar a bharr sin, de réir mar a leagann na scoláirí síos spriocanna agus a fhorbraíonn siad straitéisí foghlama, éiríonn siad níos neamhspleáiche ina gcuid foghlama. Agus iad ag cruthú oibre agus ag freagairt do cheisteanna agus do thascanna, táthar ag súil go nglacfaidh scoláirí Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta "le haiseolas agus beidh [an scoláire] ábalta é a úsáid chun feabhas a chur ar a chuid foghlama." (sonraíocht LDSA, lch 11). Tacaíonn úsáid éifeachtach na punainne le scoláirí san fhorbairt sin.

D'fhéadfadh an phunann LDSA líon mór feidhmeanna a chomhlíonadh do na scoláirí agus múinteoirí. Is féidir le húsáid éifeachtach na punainne a leanas a dhéanamh:

- cuireann sí deis ar fáil do na scoláirí a gcuid éachtaí cruthaitheacha a chur i láthair.
- tacaíonn sí le scoláirí a gcumas criticiúil a fhorbairt
- cabhraíonn sí le tacaíocht a thabhairt do mheasúnú foirmitheach leanúnach an mhúinteora i seomra ranga LDSA na hArdteistiméireachta
- spreagann sí na scoláirí féinmheasúnú a dhéanamh agus measúnú a dhéanamh ar phiaraí.
- éascaíonn sí machnamh agus foghlaim óna bpróisis chruthaitheacha, lena n-áirítear a dTascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna).
- tugann sí deis do scoláirí taifead a dhéanamh ar a gcuid rannpháirteachais le próiseas na freagartha criticiúla
- cabhraíonn sí le scoláirí na scileanna ar a ndéanfar measúnú sa Tionscadal: An Chruthaitheacht i gCleachtas (Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

## Conas a thacaíonn an phunann LDSA le scoláirí sna Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna)?

*"Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire... machnamh a dhéanamh ar a thascanna cruthaitheacha agus iad a bheachtú, bunaithe ar aiseolas fiúntach." (Toradh Foghlama 1.13, lch 18)*

Tugtar breac-chuntas sa tsonraíocht LDSA ar conas, de réir mar a phléann siad leis na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna), a "*oibreoidh an scoláire go haonarach agus go comhoibríoch agus é ag obair trí gach céim den phróiseas cruthaitheach chun an tasc a chur i gcrích, ag baint úsáid as a phunann mar thaisce smaointe, mar fhoinse ábhar bunaidh agus mar stór chun a chuid foghlama, machnamh, meastóireachtaí agus anailísí a dhoiciméadú.*" (lch 24)

Mar chuid de na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, déanfaidh scoláirí machnamh ar a gcuid oibre agus déanfaidh siad í a bheachtú go rialta, ag obair le scoláirí eile chun na réitigh ar an bhfadhb a iniúchadh agus a aimsiú, ag scrúdú na roghanna agus na bpróiseas atá mar bhonn faoina saothar. Tabharfar deiseanna leanúnacha dóibh le foghlaim uaidh agus chun freagra a thabhairt ar aiseolas óna gcomhscoláirí agus ó mhúinteoirí i dtimpeallacht chomhoibríoch, de réir mar is cuí.

Déanfar taifead ar gach céim de na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, mar a leagtar amach iad sa tsonraíocht chomh maith le hábhair bhunaidh dheartha agus machnaimh a bhaineann leo sa Phunann. Déanfaidh na múinteoirí measúnú agus tabharfaidh siad aiseolas ar na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, an obair phunainne san áireamh, mar chuid den teagasc agus foghlaim leanúnach sa seomra ranga. Ní dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú ar an obair phunainne ná ar Thascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, ach déanfar measúnú ar an bhfoghlaim a baineadh amach, de réir mar is cuí, tríd an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (AAC) agus an scrúdú scríofa.

Tacaíonn teimpléid in Aguisín B le scoláirí a bheith rannpháirteach leis na céimeanna éagsúla de na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla, agus tacaíonn teimpléid in Aguisíní C agus D, faoi seach, le machnamh agus leagan spriocanna agus pleanáil

## Ábhair na Punainne LDSA

### Cén chuma a bheidh ar an bpunann LDSA?

*"Oibreoidh an scoláire go haonarach agus go comhoibríoch agus é ag obair trí gach céim den phróiseas cruthaitheach chun an tasc a chur i gcrích, ag baint úsáid as a phunann mar thaisce smaointe, mar fhoinse ábhar bunaidh agus mar stór chun a chuid foghlama, machnamh, meastóireachtaí agus anailísí a dhoiciméadú."* (Sonraíocht LDSA, lch 24)

Níl teimpléad ar leith a léiríonn cuma na punainne. Beidh punann gach scoláire uathúil, mar go mbeidh ábhair inti a forbraíodh mar chuid d'aistear foghlama pearsanta an scoláire sin. Mar a leagtar síos sa tsonraíocht, is féidir an phunann a chur in iúl ar bhealaí difriúla; píosaí lámhscríofa; taifeadtaí fuaime/físeáin; íomhánna; sceitsí nó rudaí eile a léiríonn modhanna difriúla nó cnuasaigh modhanna. Cibé bealach a chuirtear in iúl nó a léirítear an phunann, d'fhéadfaí a áireamh inti réimse míreanna lena n-áirítear fianaise ar na céimeanna éagsúla de na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla, amhail, mar shampla:

- **Spriocanna:** taifead ar spriocanna a leagadh síos agus ar réimsí fócais ar leith

- **Smaointe:** Nótaí, sceitsí agus ábhair eile bainteach le coincheapa agus smaointe. D'fhéadfaí go mbeadh tagairtí sna smaointe seo d'ábhar bunaidh, amhail déantáin, feistis, íomhánna agus ceol, chun smaointe agus coincheapa nua a chruthú agus a spreagadh

- **Ábhair réamhléiriúcháin do thascanna cruthaitheacha:** Doiciméid léirithe agus léirithe intinne ag tabhairt breac-chuntais ar choincheap nó smaoineamh cruthaitheach; dréacht-scripteanna; nótaí ó léamh síos tríd na scripte; sceitsí/plean leagan amach na n-earraí ar an stáitse; cláir tobsmaointe/scéalchláir/samhail boscaí; pleananna agus dréachtaí seit; dearaí soilse, feistis agus fuaime; suíomh agus liosta seatanna (scannán); miondealú aisteora/radhairc; prapaí/liostaí troscáin; nótaí ar an gcóiréagrafaíocht; ordbhileoga; scripteanna marcáilte

- **Taifeadtaí –** taifeadadh ar an taibhiú/léiriúchán deiridh do gach Tasc Cruthaitheach Feidhmeach

- **Freagarthaí Cruthaitheacha agus Criticiúla:** Freagraí ar scannáin agus ar thaispeántais amharclannaíochta a chonaic na scoláirí, le taispeántas amharclannaíochta poiblí beo amháin ar a laghad chomh maith le taispeántas pictiúrlainne beo amháin ar a laghad san áireamh. D'fhéadfaífreagra criticiúil agus pearsanta a thabhairt, ag baint úsáid as teanga agus gnásanna a oireann don chineál critice seo agus é scríofa nó i bhfoirm físeáin/fuaime

- **Samplaí d'obair chomhoibríoch:** Míreanna ginte i ngrúpaí, nó trí thionscadail chomhoibríocha agus obair foirne

- **Machnaimh/meastóireachtaí:** D'fhéadfaidís a bheith bainteach leis an méid seo a leanas:
    - Gnéithe d'fhorbairt scileanna taibhithe, léiriúcháin agus teicniúla
    - Tascanna cruthaitheacha, bunaithe ar aiseolas cuiditheach, ag baint úsáid as ábhair réamhléiriúcháin anótáilte chun cinntí a rinneadh a mhíniú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu
    - An próiseas cruthaitheach, ina ndéanann scoláirí comparáid idir an méid ar éirigh leo a bhaint amach agus an méid a raibh siad ag súil lena bhaint amach sa chéad léiriú nó léiriú intinne
    - An chaoi ar chabhraigh a rannpháirtíocht i bpróiseas na freagartha criticiúla leis an léamh a bhí acu féin ar shaothair amharclannaíochta agus scannánaíochta ar leith a dhoimhniú agus a fhorbairt
    - Aiseolas ón múinteoir nó ó phiaraí agus freagraí scoláire ar an aiseolas sin.

## Leideanna do scoláirí atá ag cur tús leis an bpunann

Seans go mbeadh na ceisteanna seo a leanas úsáideach do scoláirí agus iad tosú ar fhorbairt a bpunann LDSA:

- Céard é cuspóir mo phunainne? Céard iad na buntáistí dom mar scoláire LDSA?
- Céard iad na príomhcheisteanna ar gá breithniú orthu agus mo phunann LDSA á forbairt?
- Cén uair ba cheart dom tús a chur le mo phunann?
- Cén chuma a bheidh ar mo phunann? (cóip chrua fhisiciúil, punann dhigiteach ar líne nó i bhfoirm mheasctha)?
- Cén cineál rudaí a chuirfidh mé i mo phunann?
- Cén chaoi ar féidir a chinntiú go bhfuil mo phunann fiúntach, léirsteanach agus cruthaitheach?
- Cá gcoinneoidh mé mo phunann?
- I dteannta na dtreoirlínte seo, céard iad na tacaíochtaí a theastóidh uaim don phunann?
- Cén chaoi ar féidir leis an múinteoir tacú liom mo phunann a chur i gcrích agus a chur i láthair san fhoirm is fearr a oireann dom?
- Cén chaoi ar féidir liom mo chuid foghlama a chur i bhfeidhm sa Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (Tionscadal: An Chruthaitheacht i gCleachtas)?

D'fhéadfadh go gcabhródh na leideanna seo le scoláirí punann a chur le chéile ar phróifíl phearsanta í ar a n-aistear foghlama agus a thacaíonn leo a bhfreagraí cruthaitheacha agus criticiúla féin a mheas. Is féidir leo a gcuid foghlama agus a gcuid gnóthachtála a chur i láthair, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid forbartha i gcaitheamh dhá bhliain de staidéar LDSA.

## Treoir do Mhúinteoirí

### Cén chaoi a dtacaíonn an phunann LDSA le foghlaim agus teagasc?

Seans go mbeadh na leideanna seo a leanas úsáideach do mhúinteoirí LDSA agus iad ag tosú ag cuimhneamh ar an mbealach is fearr le tacú le scoláirí le go mbainfidh siad an tairbhe is mó as a gcuid punann LDSA a fhorbairt:

- Céard iad na príomhcheisteanna ar gá breithniú orthu agus mé ag cabhrú le scoláirí tús a chur lena bpunanna LDSA?
- Céard iad na príomhphointí agus na heispéiris foghlama shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith san áireamh sa phunann LDSA?
- I dteannta na cáipéise treoraí seo, céard iad na tacaíochtaí atá de dhíth don phunann?
- Cén chaoi is fearr ar féidir liom foráil a dhéanamh maidir le roghanna pearsanta na scoláirí agus iad ag forbairt a bpunann?
- Cén chaoi ar féidir liom tacú le scoláirí a bpunanna agus a n-ábhar machnaimh a chur i gcrích agus a chur i láthair cibé sa bhealach is fearr a oireann dóibhsean?
- Cén chaoi ar féidir leis an bpunann tacú leis na scoláirí agus iad ag obair ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis?

Tá sé i gceist leis na torthaí foghlama, lena n-áirítear iad siúd leagtha amach i Snáithe 3 (Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha) den tsonraíocht LDSA (lgh 25-27) deiseanna agus coincheapa féideartha éagsúla a chur ar fáil le go mbeadh scoláirí rannpháirteach leis na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla. D'fhéadfadh machnamh ar na coincheapa agus deiseanna sin rannpháirtíocht shaibhir na scoláirí leis an bpunann a spreagadh.

Sa phróiseas forbartha punainne cuirtear deiseanna ar fáil do na scoláirí lena machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann eispéiris na freagartha cruthaithí agus criticiúla seo acu lena gcuid dul chun cinn agus fáis i gcaitheamh an dá bhliain staidéir.

Tá machnamh lárnach don phunann, a bhaineann le scoláirí ag smaoineamh faoi eispéiris dhifriúla chruthaitheacha agus chriticiúla agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Tugann an phunann deis do na scoláirí tionchar na n-eispéireas ar a gcuid foghlama a scrúdú, agus an chaoi a mbeadh tionchar ag na heispéiris sin orthu amach anseo a mheas. Is iomaí samhail mhachnamhach dá bhfuil ar fáil chun tacú le scoláirí dul i mbun rannpháirteachais sa mhachnamh ar bhealach fiúntach (féach Aguisín E).

Agus iad ag déanamh machnaimh ar na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla, d'fhéadfadh scoláirí cuimhneamh ar an méid seo a leanas:

- ***céard*** a d'fhoghlaim siad (eispéireas nó tasc an scoláire)
- ***cén chaoi*** ar fhoghlaim siad (an próiseas)
- ***cén fáth*** a raibh an fhoghlaim suntasach (réasúnaíocht, straitéisí agus inspreagadh)
- ***cá háit*** a bhféadfaí an fhoghlaim a úsáid amach anseo (i réimsí eile den churaclam, nó den saol, mar shampla).

D'fhéadfadh na scoláirí na hábhair mhachnaimh sin a thaifeadadh i ndialann chun bonn eolais a chur faoina bpunann agus cur léi, rud a chuirfidh deiseanna leanúnacha ar fáil dóibh breithniú a dhéanamh ar chúrsaí, foghlaim óna gcuid botún agus tuilleadh machnaimh a dhéanamh.

I d**Tábla 1** leagtar amach roinnt leideanna chun tacú le scoláirí le linn dóibh a machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas freagartha cruthaitheach agus criticiúil:

| Céard a d'fhoghlaim mé? | Conas a d'fhoghlaim mé? | Cén fáth a bhfuil an fhoghlaim suntasach? | Cá háit a bhféadfaí m'fhoghlaim a úsáid amach anseo? |
|---|---|---|---|
| *Ba é an rud ba thábhachtaí a d'fhoghlaim mé…* | *Thaitin/Níor thaitin sé liom foghlaim ar an tslí seo mar…* | *Is iad na cúiseanna a bhfuilim ag foghlaim faoi seo…* | *Bheadh an fhoghlaim seo úsáideach i…* |
| *Ba é an chuid ba shuimiúla…* | *Is éard a bhí dúshlánach dom…* | *Bhain an fhoghlaim leis an gcás fíorshaoil seo a leanas…* | *I measc na gcásanna fíorshaoil dúshlánacha eile a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo, tá…* |
| *Ceist atá agam ná…* | *Is éard a chabhraigh liom freagra a fháil ar an gceist…* | *Is iad na ceisteanna eile atáim a chur anois…* | *Déanfaidh mé iarracht freagraí a fháil ar na ceisteanna sin trí…* |
| *Scil a d'fhorbair mé ná…* | *D'fhéadfadh foghlaim ní b'fhearr a bheith déanta agam dá…* | *Bhí an scil seo ag teastáil uaim mar…* | *Beidh an scil sin úsáideadh dom nuair…* |


**Tábla 1: Leideanna chun tacú le scoláirí le linn dóibh a machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas freagartha cruthaitheach agus criticiúil:**

## Cén chaoi ar féidir leis an bPunann LDSA tacú le forbairt Príomhinniúlachtaí na scoláirí sa seomra ranga?

Bunchloch na hathfhorbartha ar an tSraith Shinsearach is ea an tsraith Príomhinniúlachtaí. Tá na hinniúlachtaí seo mar bhonn na foghlama a leagtar amach ar fud na sonraíochtaí ábhair éagsúla. Dearadh na torthaí foghlama sa tsonraíocht chun tacú le foghlaim agus forbairt na scoláirí i dtaca leis na Príomhinniúlachtaí don tsraith shinsearach.

Áirítear le hinniúlachtaí fíorábhartha deiseanna do scoláirí a bheith cruthaitheach, a bheith ag obair le daoine eile, a bheith rannpháirteach i smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna, agus a bhfoghlaim féin a bhainistiú.

Ligeann an phunann LDSA do scoláirí na príomhinniúlachtaí seo a fhorbairt agus a chur in iúl ar bhealach fiúntach. Cuireann sí spás ar fáil do scoláirí spriocanna a leagan agus a leanúint; a n-obair a bhailiú agus a thaispeáint; iarrachtaí comhoibríocha a léiriú; a bhfoghlaim a dhoiciméadú, machnamh a dhéanamh uirthi agus í a mheas.




**Fíor 3. Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, a dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht leo**

Le linn do na scoláirí machnamh a dhéanamh ar eispéireas, féadfaidh sé a bheith ina chuidiú dóibh breithniú a dhéanamh ar cheangal an eispéiris le Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí. Seans go mbeadh tacaíocht ag teastáil uathu chun forbairt phearsanta agus fás a shainaithint. In Aguisín E tugtar raon leideanna féideartha le haghaidh shamhail mhachnaimh Rolfe.

Tugtar teimpléad molta don mhachnamh ar eispéiris na scoláirí, mar aon le sampla ina n-úsáidtear roinnt tosaitheoirí abairtí, in Aguisín B chomh maith le samplaí ó phunanna scoláirí. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ó chomhscoláirí agus ó mhúinteoirí is féidir le scoláirí réimsí a shainaithint le haghaidh fáis agus forbairt phearsanta. Agus machnamh á dhéanamh ar an bhfás, d'fhéadfadh scoláirí dul chun cinn a rinne siad ar spriocanna áirithe agus réimsí le feabhas a chur orthu a shainaithint. Mar sin féin, is den tábhacht go mbeadh meas ag scoláirí ar a gcuid láidreachtaí féin agus ar an gcaoi ar fhorbair siad na láidreachtaí céanna.

Baineann anailís, féinfhiosrú agus féinmheastóireacht le machnamh criticiúil, agus mar thoradh air sin bíonn tuiscint níos fearr ag scoláirí ar an tionchar a bhíonn ag eispéiris ar leith. Trí bhíthin an phróisis

foghlama sin, d’fhéadfadh sé gur cuireadh dúshlán roimh an gcaoi a smaoiníonn na scoláirí nó gur athraíodh ar bhealach éigin é.

Is den tábhacht go ndíríonn na scoláirí ar eispéiris dhearfacha agus dhiúltacha araon ina gcuid ábhar machnaimh chriticiúil; is amhlaidh a bhaineann foghlaim luachmhar leis an dá thaobh. In Aguisín C tugtar sampla de roinnt leideanna chun tacú le machnaimh chriticiúla ar an gcaoi ar fhoghlaim scoláirí ó na botúin a rinne siad in LDSA.

## Leagan Spriocanna agus Pleanáil


### Cén chaoi ar féidir le scoláirí tabhairt faoi leagan spriocanna agus pleanáil?

*“[Déanfaidh an scoláire] úsáid éifeachtach a bhaint as a bpunann mar uirlis mhachnamhach... a chinntí cruthaitheacha a mhíniú.... agus meastóireacht a dhéanamh ar a shaothar, measúnú a dhéanamh ar cé méad de na haidhmeanna/na spriocanna a leagadh síos ar éirigh leis a bhaint amach agus cúiseanna an toraidh seo a shainaithint.” (Sonraíocht LDSA, lgh 16, 19)*

Mar a luadh cheana, d’fhéadfaí an Phunann LDSA a úsáid chun taifead a dhéanamh ar spriocanna.

Ach spriocanna a bhriseadh síos ina gcéimeanna níos lú, cuidítear chun aird na scoláirí a choinneáil, déantar spriocanna inbhainistithe, agus tacaítear le dul chun cinn a athbhreithniú. I measc samplaí de sin tá gnéithe den sprioc a chur in ord tosaíochta, achair ama agus spriocdhátaí a leagan amach, dul chun cinn a rianú, agus gnóthachtálacha beaga a cheiliúradh.

Ba cheart spriocanna a bhriseadh síos ina gcéimeanna beaga inghnóthaithe, agus iad a bheith pearsanta, fiúntach agus ábhartha.




**Fíor 4. An tábhacht a bhaineann le céimeanna beaga i leagan spriocanna**

Mar chuid de na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla, déanfaidh na scoláirí meastóireacht ar a saothar féin. Áirítear leis an bpróiseas sin:

- cinntí a rinneadh a mhíniú
- plé a dhéanamh leis na scoláirí ar oibrigh siad leo, chun breith a dhéanamh ar baineadh amach an treoir agus coincheap bunaidh
- cáipéisí le nótaí a úsáid (an chéad achoimre agus coincheap; léiriú intinne / ráiteas léirithe, dearaí, sceitsí, liostaí, cláir tobsmaointe) chun cinntí a rinneadh a mhíniú agus a athbhreithniú
- breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht le saothar cleachtóirí scannáin agus amharclannaíochta eile ar a saothar féin agus conas a rinne sé sin eolas dá saothar féin
- a saothar féin agus saothar daoine eile a mheas
- machnamh a dhéanamh ar an obair dheiridh agus an chaoi a dtagann sí le spriocanna bunaidh.

**Chun tacú leis an bpróiseas seo, baineann scoláirí úsáid as a bpunann chun an méid seo a leanas a dhéanamh**

- an próiseas cruthaitheach a thaifeadadh (i scríbhinn nó trí thaifeadtaí fuaime/físe, sceitsí, srl)
- comparáid a dhéanamh idir an méid ar éirigh leo a bhaint amach agus an méid a raibh siad ag súil lena bhaint amach sa chéad léiriú nó sa léiriú intinne. *(Sonraíocht LDSA, lch 19)*

## Ceisteanna maidir le leagan spriocanna i gcaitheamh an phróisis chruthaithigh

Le linn dóibh na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha a dhéanamh/a bheith ag plé le saothar cruthaitheach, is féidir go mbeidh sé áisiúil do scoláirí tagairt a dhéanamh do chúpla ceann de na ceisteanna seo a leanas:

| Cumarsáid | Próiseas | Scileanna |
|---|---|---|
| Céard atáim/id ag iarraidh a chur in iúl? An scéal nó insint atá ann? | Cén ról atá agam sa saothar seo agus cén ról atá ag an gcomhoibriú? | Cén chaoi a bhfuil mé ag baint úsáid as mo scileanna taibhithe/léiriúcháin/teicniúla, ag foghlaim uathu agus á bhforbairt? |
| Cén fáth a bhfuil an scéal seo á insint agam/againn agus cén fáth anois? | An bhfuil mé/muid ag déanamh turgnaimh le gnéithe cruthaitheacha agus teicniúla agus má tá, cén chaoi? Céard atá nua nó nuálach faoin saothar seo? | Ar bhain mé/muid úsáid as tuiscint ar theicneolaíochtaí/fhorbairtí teicneolaíochta sa saothar seo, agus má bhain, cén chaoi ar bhain? |
| Cé hiad an sprioclucht féachana? | Céard atá á foghlaim againn ón obair seo agus cén chaoi a ndéanfaidh mé machnamh air? (trí scríbhinn, físeán, fuaim, íomhánna, sceitsí)? | An bhfuil na scileanna taighde a d'fhoghlaim mé á léiriú agam agus má tá, cén chaoi a bhfuil? |
| Cén chaoi ar thug mé nó ar ghlac mé le haiseolas cuiditheach ó mo chomhscoláirí/mo mhúinteoir? | Cén chaoi a gcuireann saothar cleachtóirí aitheanta bonn eolais faoin saothar seo? Cé/céard aige a raibh tionchar ar an saothar seo? | Cén chaoi agus cén áit a bhfuil úsáid á baint agus forbairt ag teacht ar mo chuid scileanna réitigh fadhbanna agus smaointeoireachta criticiúla? |
| Cén tionchar ar mhaith liom go mbeadh ag an saothar seo anois agus amach anseo? | Cén chaoi ar bhain mé/muid úsáid as cleachtais eiticiúla agus fhreagracha sa saothar seo? | Cén chaoi a bhfuil mé/muid ag baint úsáid as scileanna machnaimh agus meastóireachta chun an saothar a bheachtú? |

## Leideanna samplacha chun tacú le machnamh na scoláirí agus pleanáil spriocanna

Chun machnamh na scoláirí a ghríosú, d'fhéadfaí go n-iarrfaí orthu ceist mhachnamhach a fhreagairt ag deireadh an cheachta trí fhreagra a scríobh ar nóta 'post-it'. Seo samplaí de cheisteanna chun tacú le príomhábhair machnaimh chriticiúil:

Céard iad na dúshláin a bhí romham/romhainn?

Cén fáth a ndearna mé na botúin sin?

Cén chabhair a bhí uaim leis an bhfadhb a réiteach?

Céard a d'fhoghlaim mé ó na botúin a rinne mé?

Cén chaoi a láimhseálfaidh mé botúin a dhéanfaidh mé amach anseo?

Cérbh iad na scileanna nó na láidreachtaí a chuir mé i bhfeidhm le go n-éireodh liom?

Céard a chuir leis an rath a bhí orm?

Cén chaoi ar mhothaigh mé nuair a d'éirigh liom?

Cá háit a ndearna mé an fhoghlaim ab fhearr de mo chuid?

Cén chaoi ar féidir liom forbairt a dhéanamh ar an rath sin?

Ar athraigh mé rud ar bith faoin gcaoi a mbím ag foghlaim, an chaoi a ndéanaim rudaí agus an chaoi a n-idirghníomhaím le daoine eile?

## Aguisín A –Saothair na gCleachtóir


Is feidir míreanna ar nós dréachtaí, nótaí, sceitsí, an tairbhiú/léiriú deiridh agus machnamh lena mbaineann a stóráil sa phunann chomh maith le hábhair réamhléiriúcháin

Tá raon leathan de mhíreanna punann (téacsanna scríofa, ábhair chlosamhairc, taifid foghlama, machnaimh agus spriocanna) thíos.

Is féidir obair/ shaothar na gcleachtóirí aitheanta a fheiceáil anseo. Caithfidh cuntas múinteora a bheith agat chun an obair seo a fheiceáil. Is féidir leat cuntas a claraigh anseo ag úsáid do uimhir chlárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta.

**Saothair 1 –Dearadh Prop - Carr ó Grease**

**Grianghraif thíos ón gcéim forbartha roimh tháirgeadh den phróiseas cruthaitheach**
Éist le machnamh fuaime na mac léinn.









**Saothair 2 –Gearrscannáin (Echoes of Silence)**
Acmhainní réamh-tháirgthe éagsúla ó chéim forbartha an phróisis cruthaitheach.
Féach an gearrscannáin agus éist le machnamh fuaime na mac léinn.

**Smaointe tosaigh**

initial ideas - No camera movement.
Show contrast of inside the schools (white greys)
to the outsides (greens, brown, blue)
2 people who we know nothing about end up meeting
Leave the plot to be down to the person watching
to have to think, allowing imagination.
make as flowy as possible.


Bridge

use hat to hide hair, untie hair, change jumper to show character 2.

Shots of feet and legs reflect barbie movie

music, from Gladiator, for gradual build up until they meet.

**Scéalchláir – Echoes of Silence**




**Liosta Seatanna – Echoes of Silence**


| Shot Number | Shot type and reason for choice | Movement | Location | Description |
|---|---|---|---|---|
| I | wideshot - lets us see the 2 walls Loombing over the chericter as he slowly moves away | steady and pourposfull. | School hall-way outside from English Room | charicter slowly moves away from camera, walks down a long corridor Light shining through window High above |
| II | close up of shoes walking down the stairs, - mimics multiple scenes in The Barbie movie. | Right to left, left to Right | Stairwell Past the English Room | we can see the charicters shoes as they walk down the 2 tiered Stairs |
| III | mid → wide shot<br>mid - to show charicter leaving the building<br>wideshot - shows charicter walking under Bridge | Steady and pourpusfull | Between side Door and Pitch Bridge. | cleanly transition Between scenes, showing charicter moving down Stairs, out the Door then under Bridge. |
| IV | mid shot - Lets us see character moving<br>Hip level shot - to show walking speed<br>face close up | searching, almost urgent but not running | the schools pitch | Character 2 walks down pitch, then cuts to the charicter looking around |
| V | series of long shots to show off the land and show movment | walk → run | School Pitch gravel Path | the 2 charicters Run towords the same location<br>Character 1 runs on gravel, you can hear the crunch. |
| VI | mid Hip to Head Shot Shows Character 1 speak<br>Low to High angle Shot Shows Character 2 speak | Stationary | Bunch of Rocks in the School | the 2 Characters finely meet maby they where freinds, maby not. |

**Saothair 3 – Saothar Amharclainne – Behind the Gates**
Acmhainní réamh-táirgthe éagsúla ó chéim forbartha an phróisis cruthaitheach
Féach an gearrscannáin


**Smaointe tosaigh – Behind the Gates**




**Machnamh carachtair – Behind The Gates**



## Struchtúrú oibre – Behind the Gates



**Structuring your devised work**

**What is the focus/aim of your piece?**
Our piece aims to expose the harsh realities of the Mother Baby Homes scandal in ireland. We want to highlight the trauma, injustice and loss experienced by the women who were sent there. Through the Story of Mary, we explore the themes of control, oppression and resillience

**Target Audience:** Teenagers (16-18) and adults

**Reasons:** Young people should be educated on hidden histories and human rights issues. We can create empathy by showing the real struggles of young women who arnt much older than them. It brings to light and sparks discussions about institutional abuse and womens rights.


**Plot Outline**

* Opening - Mary is forced to leave home, arriving at the Mother Baby Home (a choreographed movement sequence shows her being stripped of her Identity.
* Life in the laundry - She meets Queenie, Nora, and Bridgid each with their own tragic Backstories. The Nuns impose strict rules, and the women are worked till exhaustion.
* Marys Baby is taken: After Giving Birth Mary experiences a moment of joy, but its short lived. The nuns take her child. She tries to escape but she caught
* Climax - Mary reaches breaking point. Contemplates ending her life.
* The story ends with a juxtaposition of past and present. Showing how many women never saw their child again, leaving the audience with an unresolved haunting sense of loss.

**What ideas/suggestions have you make so far?**
I suggested we do syndronised movements when cleaning.
I suggested - having Bridgid ask an innocent question, to highlight how unaware she is of whats happening

**Have you or your group made any decisions about the style or form of your piece? Give reasons**
Naturalistic and Realism, Physical Theatre

## Machnamh– Behind the Gates



